Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2019**
**(OR. en)**

**10221/19**

**COEST 139**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 17 Meitheamh 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10101/19 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Nua an Aontais Eorpaigh don Áise Láir |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh don Áise Láir mar a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) iad an 17 Meitheamh 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Nua an Aontais Eorpaigh don Áise Láir**

1. Is díol sásaimh don Chomhairle an caidreamh neartaithe idir an tAontas Eorpach (an tAontas) agus an Chasacstáin, Poblacht na Cirgise, an Táidsíceastáin, an Tuircméanastáin agus an Úisbéiceastáin ó glacadh an chéad Straitéis den Aontas don Áise Láir in 2007. I bhfianaise na hidirthuilleamaíochta agus an idirnaisc atá ag síormhéadú, i saol na linne seo, tá dlúthcheangal idir an tAontas agus an Áise Láir mar gheall ar leasanna frithpháirteacha láidre agus is dlúithe iad ná riamh. Cuireann an Chomhairle i dtreis na deiseanna móra atá ann mar thoradh ar dhinimicí dearfacha san Áise Láir chun an chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Áise Láir a thabhairt chun cinn.

2. Formhuiníonn an Chomhairle an teachtaireacht chomhpháirteach maidir le *The EU agus Central Asia: New Opportunities for a Stronger Partnership* [An tAontas Eorpach agus an Áise Láir: Deiseanna Nua do Chomhpháirtíocht Níos Láidre] ón Ard-Ionadaí agus ón gCoimisiún Eorpach lena soláthraítear, in éineacht leis na conclúidí seo ón gComhairle, an creat beartais nua do rannpháirtíocht an Aontais le tíortha na hÁise Láir sna blianta atá romhainn.

3. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá cur chun feidhme straitéis nua an Aontais don Áise Láir a bheith cuspóireach agus dírithe ar spriocanna, mar is straitéis í atá ina deis luachmhar don Aontas agus don Áise Láir chun comhpháirtíocht láidir mharthanach a chruthú chun leasa a saoránach. Iarrann an Chomhairle ar thíortha na hÁise Láir oibriú leis an Aontas chun na críche sin.

4. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil straitéis an Aontais ag díriú as an nua ar athléimneacht, rath agus comhar réigiúnach a chur chun cinn san Áise Láir.

5. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta comhaontuithe comhpháirtíochta agus comhair feabhsaithe (EPCAnna) le tíortha leasmhara an réigiúin, comhaontuithe atá uaillmhianach, leathan agus chun sochair don dá thaobh, a thabhairt i gcrích agus a chur chun feidhme. Beidh na comhaontuithe nuaghlúine seo mar bhunchloch ag rannpháirtíocht an Aontais leis an Áise Láir. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil nasc idir raon feidhme chaidreamh an Aontais agus a ullamh atá tíortha aonair na hÁise Láir chun tabhairt faoi athchóirithe agus an daonlathas, cearta an duine, an smacht reachta agus neamhspleáchas na mbreithiúna a neartú, mar aon leis an ngeilleagar a nuachóiriú agus a éagsúlú, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt don earnáil phríobháideach, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, i ngeilleagar margaidh.

6. Meabhraíonn an Chomhairle di an gealltanas ón Aontas tacú le comhar réigiúnach. Cé gur faoi thíortha na hÁise Láir atá sé na struchtúir agus na sásraí is fearr a chinneadh chun idirphlé agus comhar a chur chun cinn sa réigiún go deas réidh, cuideoidh an t-idirphlé idir réigiúin agus cláir comhair ilnáisiúnta an Aontais leis an gcomhar réigiúnach a chur chun cinn san Áise Láir.

7. Ag aithint di príomhról thíortha na hÁise Láir maidir le tacaíocht a thabhairt do phróiseas síochána ar a bhfuil an Afganastáin i gceannas agus ar a bhfuil seilbh aici agus d'atógáil na tíre, agus i gcomhréir le straitéis an Aontais maidir leis an Afganastáin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé tuilleadh rannpháirtíocht pholaitiúil agus eacnamaíoch a spreagadh idir tíortha na hÁise Láir agus an Afganastáin chun próiseas síochána cuimsitheach agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn go comhpháirteach. Beidh príomhról ag nascacht níos láidre idir an Áise Láir, an Afganastáin agus an Áise Theas don tsíocháin, don rath gus don chobhsaíocht sa mhór-réigiún.

8. Díríonn straitéis an Aontais ar chomhpháirtíocht neamheisiach a chruthú le tíortha na hÁise Láir. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair le heagraíochtaí idirnáisiúnta, go háirithe an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE), na Náisiúin Aontaithe (NA) agus Comhairle na hEorpa, mar aon le tríú tíortha, de réir mar is iomchuí, i gcás ina gcuirfeadh rannpháirtíocht níos leithne den sórt sin le cuspóirí ginearálta an Aontais agus na straitéise seo.

9. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart a dhíriú ar cheannasacht agus athléimneacht thíortha agus shochaithe na hÁise Láir agus an réigiúin ina iomláine a chur chun cinn le tuilleadh comhair idir an tAontas agus an Áise Láir. Is trí idirphlé méadaithe agus comhar neartaithe amháin a éireoidh leis na hiarrachtaí chun cuntasacht institiúidí a chur chun cinn agus éilliú a chomhrac, slándáil na saoránach a chur chun cinn, dul i ngleic leis an athrú aeráide agus an díghrádú comhshaoil, láithreacha táirgeachta stairiúil úráiniam a leigheas agus an bhithéagsúlacht agus acmhainní uisce a chaomhnú. Iarrann an tAontas go mbeadh dlúthchomhar ann maidir le hacmhainní uisce trasteorann a bhainistiú agus is díol sásamh dó, i ndáil leis sin, ról an Chiste Idirnáisiúnta maidir le Muir Aral a Shábháil agus na tionscnaimh ón Lárionaid Réigiúnaigh de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le Taidhleoireacht Choisctheach don Áise Láir.

10. Ní mór an méid a leanas a bheith i gcroílár an chaidrimh idir an tAontas agus an Áise Láir i gcónaí: an smacht reachta, cearta an duine agus saoirsí bunúsacha, lena n-áirítear saoirse tuairimí a nochtadh agus saoirse comhlachais, timpeallacht fhabhrach don tsochaí shibhialta, agus cosantóirí chearta an duine chomh maith le cearta na mban agus cearta an linbh agus tacaíocht ó chlár oibre na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair um obair chuibhiúil don domhandú cothrom a chur chun cinn agus a chosaint. Ba cheart don Aontas agus tíortha na hÁise Láir leanúint den chomhionannas inscne a chur chun cinn agus gníomhú ina threo agus rannpháirtíocht na mban sa saol sóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn.

11. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé an comhar a fheabhsú maidir le himirce agus soghluaisteacht, go háirithe faoi chuimsiú na EPCAnna, agus gur gá an t-idirphlé a neartú agus comhar leanúnach i gcoinne comhdhúshláin slándála a spreagadh, amhail antoisceachas an fhoréigin, radacú, sceimhlitheoireacht, cibearbhagairtí agus bagairtí hibrideacha, leathadh arm ollscriosta agus na modhanna seachadta a bhaineann leo. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an mbonn socheacnamaíoch is cúis leis an radacú. Molann an Chomhairle comhar maidir le bainistiú géarchéime agus rialachas agus athchóiriú na hearnála slándála. Measann sí gur tosaíocht an Aontais é comhar leanúnach sa réigiún maidir le bainistiú teorann, lena n-áirítear an Afganastáin, d'fhonn trádáil idir-réigiúnach a éascú, gáinneáil neamhdhleathach ar dhaoine, drugaí agus earraí a chomhrac, agus sreabha imirce a bhainistiú.

12. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart don Aontas agus tíortha na hÁise Láir dul i gcomhar lena chéile a thuilleadh chun a gcomhpháirtíocht i gcomhair ratha a thabhairt ar aghaidh. Le tabhairt i gcrích agus cur chun feidhme na EPCAnna, lena n-áirítear forálacha uileghabhálacha maidir le trádáil, agus le húsáid éifeachtach na n-ionstraimí trádála eile atá ann, amhail an Córas Ginearálaithe um Fhabhair, ba cheart na sreabha trádála agus infheistíochta idir an tAontas agus tíortha na hÁise Láir a mhéadú. Déanfaidh na EPCAnna cóineasú agus comhlíonadh rialála chaighdeáin an Aontais agus caighdeáin idirnáisiúnta a chur chun cinn, rochtain chómhalartach ar an margadh a fheabhsú agus rannchuidiú le cearta maoine intleachtúla agus tásca geografacha a chosaint. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí timpeallacht slán, oscailte, fhónta, agus mhealltach don ghnó agus don infheistíocht a chur chun cinn san Áise Láir, go háirithe trí idirphlé gnólacht le gnólacht. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir freisin a thábhachtaí atá sé seirbhísí a fhorbairt a thuilleadh, bonneagair a nuachóiriú agus an earnáil talmhaíochta a chur chun cinn.

13. Ag aithint di ról straitéiseach na hÁise Láir sna hiarrachtaí domhanda chun nascacht Eorpach-Áiseach a chur chun cinn agus ag cur i dtreis gur cheart sochair don réigiún a bheith mar thoradh ar na hiarrachtaí sin, tá an Chomhairle ag súil le comhar níos fearr le tíortha na hÁise Láir chun nascacht inbhuanaithe; uileghabhálach; agus rialacha-bhunaithe a chur chun cinn. I gcomhréir le straitéis an Aontais maidir leis an Eoraip agus an Áise a nascadh le chéile, iarrann an Chomhairle go mbunófaí comhpháirtíochtaí don nascacht inbhuanaithe i gcás inarb iomchuí le tíortha na hÁise Láir d'fhonn bonneagar ardchaighdeáin a chur chun cinn agus inbhuanaitheacht chomhshaoil, fhioscach, shóisialta agus eacnamaíoch a fheabhsú san Áise Láir agus leis an Áise Láir agus aistriú rianúil na n-earraí a áirithiú. Tacaíonn an Chomhairle leis na hiarrachtaí chun an Áise Láir a cheangal le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir agus leis an Afganastáin. Tacaíonn an Chomhairle leis an obair chun an gréasán tras-Eorpach iompair a nascadh le gréasáin na hÁise Láir agus chun leas frithpháirteach a chur chun cinn agus comhthionscadail nascachta fuinnimh agus iompair a chur chun feidhme, ar tionscadail iad ina mbaintear leas iomlán as poitéinseal traschóirithe na Mara Duibhe agus na Mara Caisp. D'fhéadfaí go mbeadh ról tábhachtach ag na naisc iarnróid Thuaidh-Theas agus Oirthear-Iarthar amach anseo, toisc tréith ilmhódach an iompair a bheith ag dul i méid agus deiseanna nua a bheith ag teacht chun cinn chun gréasáin iompair idir an Eoraip agus an Áise atá ann cheana agus gréasáin nua atá ag forbairt a fheabhsú. Cuireann an Chomhairle chun suntais gur gá comhoibriú maidir le nascacht dhigiteach agus r-rialachas. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá bearta éifeachtacha chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, i gcomhréir le Comhaontú Pháras, agus a thábhachtaí atá sé tacú le hathrú an réigiúin i dtreo geilleagar ísealcharbóin. Ba cheart don Aontas dlús a chur le comhar le tíortha na hÁise Láir maidir le fuinneamh inathnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh agus maidir le cothrom na Féinne a éascú d'idirnaisc leictreachais. Beidh príomhról ag teagmhálacha idir daoine freisin ó thaobh comhpháirtíocht a fhorbairt idir an tAontas agus an Áise Láir.

14. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé tacaíocht bhreise a thabhairt don oideachas san Áise Láir chun forbairt, éagsúlú eacnamaíoch agus deiseanna maithe poist a chur chun cinn, agus chun cosc a chur ar eisiamh agus riosca an radacaithe, arb é is cúis le hantoisceachas an fhoréigin *inter alia* i measc an daonra óg, a laghdú. Tacaíonn an Chomhairle le hathchóirithe chun cáilíocht an oideachais, an ardoideachais, an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a mhéadú agus chun sineirgí idir córais oideachais agus an margadh saothair mar aon leis an oideachas digiteach a chur chun cinn. Athdhearbhaíonn sí a thoilteanaí atá sí cláir malartaithe acadúla a fhorbairt tuilleadh agus tacú le comhar agus soghluaisteacht réigiúnach sa chomhthéacs sin. Molann sí comhar idir institiúidí ardoideachais an Aontais agus na hÁise Láir mar aon le malartuithe idir mic léinn, an lucht acadúil agus taighdeoirí. Ba cheart comhar maidir le cultúr agus turasóireacht a spreagadh chun sochair shóisialta agus eacnamaíocha a sheachadadh.

15. Cé go bhfuil ardleibhéil forbartha bainte amach ag roinnt tíortha san Áise Láir, tá gá le samhlacha fáis eacnamaíoch nua, athchóirithe struchtúrtha, éagsúlú eacnamaíoch agus laghdú ar neamhionannais shocheacnamaíocha sa réigiún chun gnóthachain forbartha a chomhdhlúthú. Le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt soláthraítear go leor deiseanna chun gníomhú le chéile ar son na forbartha inbhuanaithe.

16. Measann an Chomhairle gur cheart do straitéis nua an Aontais don Áise Láir a bheith ina treoir chun cúnamh an Aontais a phleanáil, lena n-áirítear infheistíocht inbhuanaithe ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI), don réigiún, agus nach mór go mbeifí in ann freagairt ar aon chéim nua de na hathchóirithe i dtíortha na hÁise Láir le comhar amach anseo. Cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil gá le maoiniú iomchuí chun an straitéis a chur chun feidhme i bpleanáil an chomhair airgeadais agus theicniúil amach anseo. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá dlúthchomhlántacht agus dlúthchomhsheasmhacht idir cláir dhéthaobhacha agus réigiúnacha an Choimisiúin agus na mBallstáit agus idir comhchláir chun an tionchar a uasmhéadú. Sa chomhthéacs sin, aithníonn an Chomhairle freisin an ról tábhachtach atá ag an mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha sa réigiún.

17. Iarrann an Chomhairle ar an Ard-Ionadaí comhar le tíortha na hÁise Láir maidir le príomhthosaíochtaí an bheartais eachtraigh a fheabhsú tuilleadh. Cuireann an Chomhairle i dtreis an méid gur féidir an Áise Láir a dhéanamh chun dul i ngleic leis na dúshláin dhomhanda. Ba cheart cur chun feidhme iomlán Chomhaontú Pháras a lorg ó thaobh an chomhair maidir leis an athrú aeráide de. I gcomhréir lena thiomanta atá siad do réimeas domhanda atá rialacha-bhunaithe, ba cheart don Aontas agus tíortha na hÁise Láir obair níos giorra dá chéile i bhfóraim iltaobhacha, lena n-áirítear na NA, ESCE agus an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT). Leanfaidh an tAontas, go háirithe, de thacaíocht leordhóthanach d'aontachas thíortha uile na hÁise Láir le EDT a spreagadh agus den tacaíocht sin a sholáthar.

18. Molann an Chomhairle cur chuige comhpháirteach níos láidre idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit ina rannpháirtíocht faoi seach leis an réigiún. Is díol sásaimh don Chomhairle go n-osclófar Toscaireacht de chuid an Aontais sa Tuircméanastáin.

19. Ba cheart d'Ionadaí Speisialta an Aontais don Áise Láir leanúint de ghníomhú mar mheán tábhachtach d'fhonn idirphlé agus cumarsáid a dhéanamh, ar an leibhéal is airde le tíortha na hÁise Láir chun feabhas a chur ar éifeachtacht agus infheictheacht an Aontais sa réigiún.

20. Cuireann an Chomhairle chun suntais go dtéann an chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Áise Láir níos doimhne ná rialtais agus tá sí ag súil le go mbeidh na sochaithe sibhialta rannpháirteach i ngach gné den chomhpháirtíocht sin. Ní mór cur leis an rannchuidiú ó réimse leathan geallsealbhóirí, lena n-áirítear parlaiminteoirí, an earnáil phríobháideach, meithleacha machnaimh, an lucht acadúil agus an t-aos óg, sa chaidreamh amach anseo.

21. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá teachtaireacht straitéiseach an Aontais san Áise Láir a mhéadú chun feabhas a chur ar infheictheacht an Aontais, chur chun feidhme straitéis an Aontais agus na sochar inláimhsithe a d'fhéadfadh a bheith ann don réigiún. I ndáil leis sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá comhshaol do na meáin neamhspleácha atá saor ó bhrú inmheánach nó seachtrach agus a thábhachtaí atá ról an Aontais ó thaobh tacú le comhshaol den sórt sin a fhorbairt.

22. Iarrann an Chomhairle ar an Ard-Ionadaí agus ar an gCoimisiún Eorpach dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme na dtosaíochtaí nithiúla a sainaithníodh sa Teachtaireacht Chomhpháirteach i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le tíortha comhpháirtíochta na hÁise Láir.